# An tasc a fhiosrú

Eolas á Bhainistiú

1.01

1. Cad iad na ceisteanna ba mhaith leat a chur faoin tasc? Scríobh síos iad.
2. Roghnaigh na ceisteanna is tábhachtaí.
3. Cá háit a dtig leat freagraí a fháil ar na ceisteanna seo?
4. Cad é mar a dhéanfaidh tú an t-eolas a thaifeadadh?



# Plean a dhéanamh

Eolas á Bhainistiú

1.02

1. Cad é a chaithfidh tú a dhéanamh?
2. An ndearna tú rud ar bith mar seo roimhe?
3. An mbeadh sé ina chuidiú agat plean a dhéanamh?
4. Déan iarracht é a bhriseadh anuas sa dóigh is go mbeidh tús, lár agus deireadh ann.
5. An bhfuil rud ar bith ann a thiocfadh leat a úsáid le go n-éireoidh le do thasc?



# Ceisteanna agus freagraí

Eolas á Bhainistiú

1. Cad iad na ceisteanna a chaithfidh tú a fhreagairt tríd an tasc seo a dhéanamh?
2. Cad é a thig leat a dhéanamh leis na freagraí a aimsiú?
3. Cé hiad na daoine a bhfuil an t-eolas seo de dhíth orthu?
4. An mbeidh tú ábalta é a úsáid lena gcuid ceisteanna a fhreagairt?



# Eolas a thaifeadadh

Eolas á Bhainistiú

1. Cad é a chaithfidh tú a dhéanamh leis an eolas nuair a bheidh sé agat?
2. An mbainfidh tú úsaid as láithreach nó an mbeidh ort tuilleadh eolais a lorg ar dtús?
3. Cad é mar a dhéanfaidh tú é a stóráil go mbeidh sé de dhíth ort?
4. Cad é mar a bheidh cuimhne agat ar an áit a bhfaca tú an t-eolas maith?



# Eolas a Mheas

Eolas á Bhainistiú

1. Ar aimsigh tú eolas maith?
2. An bhfuair tú na freagraí a bhí de dhíth ort ón eolas seo?
3. Ar spreag an t-eolas smaointe nua ar bith?
4. An dtiocfadh leat eolas níos fearr a aimsiú an chéad uair eile?
5. Cad chuige a gcreideann tú sin?



# Cad é atá ar eolas agat?
# Cad é ba mhaith leat a fhoghlaim?
# Cad é a d’fhohghlaim tú?

Eolas á Bhainistiú

| A<br>Ar eolas agam | B<br>Ba mhaith liom a fhoghlaim | C<br>Cad é a d’fhoghlaim mé |
| --- | --- | --- |
| | | |



# Ag ullmhú

Eolas á Bhainistiú

1. Cad é a chaithfidh tú a fháil amach sula dtig leat an tasc a dhéanamh?
2. An dtig le duine ar bith eile cuidiú leat?
3. An ndearna tú rud ar bith mar seo roimhe?
4. Cad é a dhéanfaidh tú leis an eolas atá de dhíth a fháil amach?
5. Cad é mar a dhéanfaidh tú é a thaifeadadh?



# Eolas nua a fháil amach

Eolas á Bhainistiú

1. Cén cineál eolais atá ann?
2. Cá háit a dtiocfadh leat an t-eolas a aimsiú?
3. An bhfuil dóigh níos fearr ann leis an eolas a aimsiú?
4. Cad mar a bheidh a fhios agat gur aimsigh tú eolas maith?
5. Cad é mar a bheidh a fhios agat gur aimsigh tú an t-eolas is fearr?



# Ag obair le heolas atá agat cheana

Eolas á Bhainistiú

1. Smaoinigh go cúramach ar cad é a bhí tú ag iarraidh a fháil amach.
2. An dtig leat na freagraí uilig atá de dhíth a fháil ón eolas atá agat?
3. Cad é atá le fáil amach agat go fóill?
4. Nuair a bheidh an t-eolas agat, cad é mar a dhéanfaidh tú é a thaifeadadh?



# Eolas a chur i láthair

Eolas á Bhainistiú

1.10

1. Smaoinigh ar cé leis a chaithfidh tú an t-eolas a roinnt.
2. Cad é an dóigh is fearr leis an eolas a léiriú sa dóigh is go dtuigfidh siad é?
3. An gcuirfidh tú an t-eolas uilig i láthair nó an úsáidfidh tú píosaí áirithe de?
4. Cad iad na píosaí eolais atá de dhíth?

